Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**9756/22**

**ECOFIN 546**
**UEM 150**
**SOC 341**
**EMPL 223**
**COMPET 444**
**ENV 541**
**EDUC 214**
**RECH 337**
**ENER 253**
**JAI 807**
**GENDER 86**
**ANTIDISCRIM 66**
**JEUN 97**
**SAN 342**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9409/22 - COM(2022) 612 final |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú de chuid na Fraince agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2022 de chuid na Fraince |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréachtmholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle, bunaithe ar thogra COM (2022) 612 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**ar Chlár Náisiúnta Athchóirithe na Fraince in 2022**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

---

**1** IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

(1) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ar athchóirithe agus infheistíocht í a mhaoiníonn an tAontas ó thaobh buiséid de. Cuireann sé leis an téarnamh eacnamaíoch agus le cur chun feidhme athchóirithe inbhuanaithe a chuireann leis an bhfás agus le hinfheistíocht, go háirithe chun na haistrithe glasa agus digiteacha a chur chun cinn, agus athléimneacht agus fás ionchasach gheilleagair na mBallstát a neartú ag an am céanna. Cuidíonn sé freisin le hairgeadais phoiblí inbhuanaithe a neartú agus le borradh a chur faoi fhás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tabharfar an ranníocaíocht uasta airgeadais in aghaidh an Bhallstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta cothrom le dáta i mí an Mheithimh 2022, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2021/241.

[2] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

(2) An 24 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe, rud a chur tús le Seimeastar Eorpach 2022 le haghaidh comhordú beartais eacnamaíoch. Thug sí aird chuí ar Ghealltanas Sóisialta Porto a síníodh an 7 Bealtaine 2021 chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún an 17 Samhain 2017 a chur chun feidhme a thuilleadh. D'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí Shuirbhé Bliantúil 2022 don Fhás Inbhuanaithe an 25 Márta 2022. An 24 Samhain 2021, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh inar shainaithin sé an Fhrainc mar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ar an dáta céanna, ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro agus togra le haghaidh Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022, lena ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[3] ('Moladh 2022 maidir leis an limistéar euro') an 5 Aibreán 2022 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 14 Márta 2022.

[3] Moladh ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C 153, 7.4.2022, lch. 1).

(3) Le hionradh na Rúise ar an Úcráin, i ndiaidh na paindéime domhanda, tá athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs geopholaitiúil agus eacnamaíoch. Tá tionchar an ionraidh ar gheilleagair na mBallstát le sonrú, *inter alia*, trí phraghsanna fuinnimh, bia agus amhábhair níos airde, agus trí ionchais fáis níos laige. Luíonn na praghsanna fuinnimh go trom, go háirithe, ar na teaghlaigh is leochailí a bhfuil cónaí orthu i mbochtaineacht fuinnimh nó atá i mbaol na bochtaineachta fuinnimh, chomh maith leis na gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de. Tá rabharta daoine ag teacht isteach atá ag teitheadh ón Úcráin gan fasach le feiceáil san Aontas freisin. Bhí tionchar neamhshiméadrach ag na héifeachtaí eacnamaíocha, a d'eascair as cogadh foghach na Rúise, ar na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, an 4 Márta 2022, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle[4], cuireadh Treoir 2001/55/CE ón gComhairle[5] i ngníomh den chéad uair, lena dtugtar an ceart chun fanacht go dleathach san Aontas do dhaoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le rochtain ar oideachas agus oiliúint, ar mhargadh an tsaothair, ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialta.

**4** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/382 ón gComhairle an 4 Márta 2022 lena mbunaítear gurb ann d'insreabhadh ollmhór daoine easáitithe ón Úcráin de réir bhrí Airteagal 5 de Threoir 2001/55/CE, agus a bhfuil d'éifeacht aige cosaint shealadach a thabhairt isteach (IO L 71, 4.3.2022, lch. 1).

**5** Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás insreabhadh ollmhór daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit agus na daoine sin á nglacadh isteach acu agus na hiarmhairtí lena mbaineann á mbraistint (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

(4) Agus an staid eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa á cur san áireamh, athbhunaíonn an Seimeastar Eorpach a bheartas eacnamaíoch agus fostaíochta ar bhonn leathan in 2022, agus forbraítear é ag an am céanna i gcomhréir le ceanglais chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, mar a leagtar amach sa Suirbhé Bliantúil Fáis Inbhuanaithe 2022. Tá cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a glacadh ríthábhachtach chun cuspóirí comhordaithe an bheartais eacnamaíoch faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é go dtugtar aghaidh sna pleananna ar fhothacar suntasach ar a laghad de na moltaí tír-shonracha ábhartha a eisíodh i dtimthriallta Sheimeastar Eorpach 2019 agus 2020. Tá na moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith in 2019 agus in 2020 fós chomh ábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241, sa bhreis ar aon mholtaí eile a bhaineann go sonrach le tír faoi leith arna n-eisiúint suas go dtí pleananna téarnaimh agus athléimneachta den sórt sin atá athbhreithnithe, nuashonraithe nó leasaithe.

(5) Tá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis gníomhach ó Mhárta 2020. I dTeachtaireacht uaidh an 3 Márta 2021 dar teideal *One year since the outbreak of COVID-19* [aon bhliain amháin ó thosaigh COVID-19: freagairt an bheartais fhioscaigh], leag an Coimisiún amach a thuairim gur cheart an cinneadh maidir le clásal ginearálta éalaithe a dhíghníomhachtú nó a chur i bhfeidhm go leanúnach a dhéanamh mar mheasúnú foriomlán ar staid an gheilleagair, agus leibhéal na gníomhaíochta eacnamaíche san Aontas nó sa limistéar euro i gcomparáid leis an leibhéal réamh-ghéarchéime (deireadh 2019) mar phríomhchritéar cainníochtúil. Mar gheall ar éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí láidre taobh thiar den ionchas eacnamaíoch i gcomhthéacs an chogaidh san Eoraip, is gá clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a leathnú go gcuirfear síneadh le clásal éalaithe ginearálta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis le linn 2023.

(6) De réir an chur chuige atá sa Mholadh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021[6] ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na Fraince, is fearr an staid fhioscach fhoriomlán a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomha (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh), ach caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais a áireamh, i gcoibhneas leis an bhfás féideartha meántéarmach[7]. Agus níos faide ná an staid fhioscach fhoriomlán, d'fhonn a mheas an bhfuil an beartas fioscach náisiúnta stuama agus an bhfuil a chomhdhéanamh fabhrach do théarnamh inbhuanaithe a bheidh comhsheasmhach leis na haistrithe glasa agus digiteacha, tabharfar aird freisin ar an éabhlóid ar phríomhchaiteachas reatha[8] arna maoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus ar an infheistíocht.

---

6 Moladh ón gComhairle an 18 Meitheamh 2021 ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2021 na Fraince, IO C 304, 29.7.2021, lch. 43.

7 Is meastacháin ón gCoimisiún iad na meastacháin ar an staid fhioscach agus a chomhpháirteanna sa Mholadh seo bunaithe ar na toimhdí is bunús le réamhaisnéis earraigh 2022 an Choimisiúin. Sna meastacháin ón gCoimisiún ar fhás ionchasach meántéarmach, ní áirítear tionchar dearfach na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean don téarnamh agus don athléimneacht agus lena bhféadfar borradh a chur faoin bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann.

8 Ní mhaoinítear iad le deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ná le cistí eile de chuid an Aontais.

(7) An 2 Márta 2022, ghlac an Coimisiún teachtaireacht lena gcuirtear treoir leathan ar fáil maidir le beartas fioscach in 2023 ('an treoir fhioscach') a raibh sé mar aidhm léi tacú le hullmhú Chláir na mBallstát um Chobhsaíocht agus um Chóineasú agus comhordú beartais a neartú ar an gcaoi sin. Thug an Coimisiún dá aire, go mbeadh sé iomchuí in 2023, ar bhonn an ionchas maicreacnamaíoch a bhí ann i réamhaisnéis gheimhridh 2022, aistriú ó staid fhioscach chomhiomlán tacaíochta in 2020–2022 go staid fhioscach chomhiomlán a bheadh neodrach tríd is tríd, agus go bhfuil sé réidh chun freagairt don staid eacnamaíoch atá ag teacht chun cinn. D'fhógair an Coimisiún gur cheart leanúint de dhifreáil a dhéanamh idir na moltaí fioscacha do 2023 idir na Ballstáit agus iarmhairtí trastíortha a d'fhéadfadh a bheith ann a chur san áireamh. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit an treoir ina gCláir um Chobhsaíocht agus um Chóineasú a léiriú. Gheall an Coimisiún go ndéanfadh sé dlúthfhaireachán ar na forbairtí eacnamaíocha agus go n-athróidh sé a threoir beartais de réir mar is gá agus ar a dhéanaí ina phacáiste earraigh den Seimeastar Eorpach a bheidh ann ag deireadh mhí na Bealtaine 2022.

(8) Maidir leis an treoir fhioscach, cuirtear san áireamh sna moltaí fioscacha do 2023 an t-ionchas eacnamaíoch atá ag dul in olcas, an éiginnteacht mhéadaithe agus rioscaí níos ísle, agus an boilsciú níos airde i gcomparáid le réamhaisnéis gheimhridh 2022 ón gCoimisiún. I bhfianaise na mbreithnithe sin, ní mór don fhreagairt fhioscach infheistíocht phoiblí a leathnú i gcomhair na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus na slándála fuinnimh, agus cumhacht ceannaigh na dteaghlach is leochailí a choimeád ar bun chun tionchar na dteithe praghsanna fuinnimh a mhaolú agus chun an brú boilscithe a theorannú ón dara babhta trí bhearta spriocdhírithe agus sealadacha. Ní mór don bheartas fioscach leanúint de bheith ag dul in oiriúint do na cúinsí atá ag athrú go tapa, lena n-áirítear dúshláin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine maidir le cosaint agus slándáil, agus ní mór dó idirdhealú a dhéanamh idir na Ballstáit de réir a staide fioscaí agus eacnamaíche, lena n-áirítear maidir lena nochtadh don ghéarchéim agus maidir le rabhartaí daoine easáitithe ón Úcráin.

(9) Ar an 28 Aibreán 2021, chuir an Fhrainc a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme maidir leis an measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta don Fhrainc a fhormheas[9]. Tá scaoileadh na dtráthchodanna ag brath ar chinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, cinneadh ina luaitear go bhfuil an Fhrainc tar éis na ngarspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a chomhlíonadh go sásúil. Glactar leis, trí na garspriocanna agus na spriocanna sin a bheith comhlíonta go sásúil, nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(10) An 4 Bealtaine 2022, thíolaic an Fhrainc a Clár Náisiúnta um Athchóiriú do 2022. Níor thíolaic sé a Chlár Cobhsaíochta. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, léiríonn Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú freisin tuairisciú débhliantúil na Fraince ar an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme.

(11) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2022 don Fhrainc an 23 Bealtaine 2022. Rinneadh measúnú inti ar an dul chun cinn atá déanta ag an bhFrainc maidir le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle in 2019, 2020 agus 2021, agus breathnaíodh ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta ag an bhFrainc, ag tógáil ar an scórchlár téarnaimh agus athléimneachta. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí i ndáil leis na dúshláin sin nach dtugtar aghaidh orthu, nó nach dtugtar aghaidh orthu ach i bpáirt, leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, chomh maith le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear na dúshláin sin a eascraíonn as ionradh na Rúise ar an Úcráin. Rinneadh measúnú inti freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag an bhFrainc maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ar spriocanna ceannlíne an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú bochtaineachta a bhaint amach, chomh maith le dul chun cinn maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

[9] 10162/21; 10162/21 ADD 1.

(12) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 don Fhrainc agus d’fhoilsigh sé a thorthaí an 23 Bealtaine 2022. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha sa Fhrainc. Go háirithe, baineann leochaileachtaí le fiachas ard rialtais agus le hiomaíochas lag, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo, i gcomhthéacs fás táirgiúlachta íseal.

(13) An 23 Bealtaine 2022, d’eisigh an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) den Chonradh. Sa tuarascáil sin, pléadh staid bhuiséadach na Fraince, ós rud é gur sháraigh a heasnamh ginearálta rialtais in 2021 luach tagartha 3 % an Chonartha maidir le holltáirgeacht intíre (OTI), agus gur sháraigh a fiachas ginearálta rialtais an 60 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI agus nár urramaigh sé an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár comhlíonadh na critéir easnaimh agus fiachais. I gcomhréir leis an teachtaireacht an 2 Márta 2022, mheas an Coimisiún, laistigh dá mheasúnú ar na fachtóirí ábhartha uile, go mbeadh iarracht fhioscach tús-ualaithe ró-éilitheach i gceist le comhlíonadh an tagarmhairc maidir le laghdú an fhiachais a d’fhéadfadh an fás a chur i mbaol. Dá bhrí sin, dar leis an gCoimisiún, ní gá an tagarmharc maidir le laghdú an fhiachais a chomhlíonadh faoi na dálaí eacnamaíocha eisceachtúla atá ann faoi láthair. Mar a fógraíodh, níor mhol an Coimisiún nósanna imeachta nua maidir le heasnamh iomarcach a oscailt in earrach na bliana 2022 agus déanfaidh sé athmheasúnú ar cibé acu an mbeidh sé riachtanach nó nach mbeidh a mholadh go gcuirfí tús le nósanna imeachta den sórt sin i bhfómhar 2022.

(14) I Moladh uaithi an 20 Iúil 2020[10], mhol an Chomhairle don Fhrainc gach beart is gá a dhéanamh in 2020 agus 2021, i gcomhréir leis an gclásal éalaithe ginearálta, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar phaindéim COVID-19, chun an geilleagar a chothú agus chun tacú leis an téarnamh ina dhiaidh sin. Mhol sí freisin go saothródh an Fhrainc, nuair a cheadaíonn na dálaí eacnamaíocha, beartais fhioscacha arb é is aidhm dóibh seasaimh fhioscacha mheántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú, agus an infheistíocht a fheabhsú ag an am céanna. In 2021, de réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit easnamh ginearálta rialtas na Fraince ó 8,9 % de OTI in 2020 go 6,5 %. Thacaigh freagairt na Fraince don bheartas fioscach leis an téarnamh eacnamaíoch in 2021, agus tháinig laghdú ar bhearta sealadacha éigeandála ó 3,3 % de OTI in 2020 go 2,6 % in 2021. Bhí na bearta a ghlac an Fhrainc in 2021 i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020. Den chuid is mó, bhí na bearta buiséadacha lánroghnacha a ghlac an rialtas in 2020 agus 2021 sealadach nó comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh. Ag an am céanna, ní raibh roinnt de na bearta lánroghnacha a ghlac an rialtas le linn na tréimhse 2020 go 2021 sealadach ná comhoiriúnaithe le bearta fritháirimh, arb é atá iontu go príomha laghdú buan ar chánacha ar tháirgeadh ó 2021 amach agus an méadú ar phá státseirbhíseach, go príomha sa chóras cúraim sláinte. De réir na sonraí a bhailíochtaigh Eurostat, thit fiachas ginearálta an rialtais ó 114,6 % den OTI in 2020 go 112,9 % den OTI in 2021.

10 Moladh ón gComhairle an 20 Iúil 2020 maidir le Clár Náisiúnta 2020 um Athchóiriú de chuid na Fraince agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta 2020 de chuid na Fraince (IO C 282, 26.8.2020, lch. 62).

(15) Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún easnamh rialtais do 2022 agus 2023 de 4.6 % den OTI agus 3.2 % faoi seach. I réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, tuartar go mbeidh cóimheas fiachais ghinearálta an rialtais le OTI cothrom le 111.2 % in 2022 agus cothrom le 109.1 % in 2023. De réir anailís an Choimisiúin, is cosúil gur ardrioscaí iad na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fiachais sa mheántéarma. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, is é 1,0 % an fás aschuir féideartha measta sa mheántéarma (meán 10 mbliana). Mar sin féin, ní áirítear sa mheastachán sin tionchar na n-athchóirithe atá mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta agus lena bhféadfar borradh a chur faoi fhás ionchasach na Fraince.

(16) In 2022, chuir an rialtas deireadh le formhór na mbeart a glacadh mar fhreagairt ar an ngéarchéim COVID-19, sa chaoi is go meastar go dtiocfaidh laghdú ar na bearta sealadacha éigeandála ó 2,6 % dèOTI in 2021 go 0,4 % in 2022. Tá tionchar ag bearta a glacadh chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh a chomhrac ar an easnamh rialtais, measta ag 0,7 % de OTI in 2022 i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún agus a bhfuiltear ag súil go gcuirfear deireadh leo de réir a chéile in 2023.[11]. Is éard atá sna bearta sin den chuid is mó aistrithe sóisialta chuig teaghlaigh bhochta, ciorruithe ar chánacha indíreacha ar thomhaltas fuinnimh, teorainneacha praghsanna ar phraghsanna miondíola agus mórdhíola, fóirdheontais chuig fiontair atá dian ar fhuinneamh. Fógraíodh na bearta sin mar bhearta sealadacha. Mar sin féin, i gcás ina bhfanfaidh praghsanna fuinnimh ag leibhéal ardaithe in 2023, d'fhéadfaí leanúint le cuid de na bearta sin. Níl roinnt de na bearta sin spriocdhírithe, go háirithe an uasteorainn ghinearálta ar phraghsanna leictreachais agus gáis agus lascaine ar bhreoslaí ar tugadh fóirdheontas iomlán ina leith. Tá tionchar freisin ar an easnamh rialtais ag na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin, atá tuartha i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún le bheith cothrom le 0.1 % d'OTI in 2022 agus cothrom le 0.1 % in 2023[12].

---

11 Is ionann na figiúirí agus leibhéal chostais bhuiséadacha bhliantúla na mbeart sin a rinneadh ó fhómhar 2021, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas reatha chomh maith le – i gcás inarb ábhartha – bearta caiteachais chaipitil.

12 Glactar leis go mbeidh líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin go dtí an tAontas Eorpach chomh hard le 6 mhilliún duine de réir a chéile faoi dheireadh 2022, agus meastar a ndáileadh geografach bunaithe ar mhéid an diaspóra atá ann cheana, ar dhaonra coibhneasta an Bhallstáit ghlactha, agus ar dháileadh iarbhír na ndaoine easáitithe ón Úcráin ar fud an Aontais ó mhí an Mhárta 2022. I gcás costais bhuiséadacha in aghaidh an duine, tá meastacháin bunaithe ar shamhail mhicreashamhlú Euromod Airmheán Comhphháirteach Taighde an Choimisiúin, agus an dá aistriú airgid á gcur san áireamh d'fhéadfadh daoine a bheith incháilithe do shochair chomhchineáil, amhail oideachas agus cúram sláinte.

(17) Ina Mholadh an 18 Meitheamh 2021, mhol an Chomhairle gur cheart don Fhrainc an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a úsáid in 2022 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh agus beartas fioscach stuama á shaothrú aici ag an am céanna. Thairis sin, ba cheart go gcaomhnódh sé infheistíocht a mhaoinítear go náisiúnta. Mhol an Chomhairle freisin go saothródh an Fhrainc, nuair a cheadaíonn na dálaí eacnamaíocha é, beartas fioscach atá dírithe ar shuíomhanna fioscacha stuama meántéarmacha a bhaint amach agus an inbhuanaitheacht fhioscach a áirithiú sa mheántéarma, agus an tráth chéanna, feabhas a chur ar an infheistíocht chun borradh a chur faoin acmhainneacht fáis.

(18) In 2022, de réir réamhaisnéis an earraigh ón gCoimisiún in 2022, meastar go mbeidh an seasamh fioscach tacúil ag -1.7 % den OTI[13]. Tá sé beartaithe ag an bhFrainc tacaíocht leanúnach a thabhairt don téarnamh trí leas a bhaint as an tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú mar a mhol an Chomhairle. Meastar go laghdófar de 0,2 pointe céatadáin OTI i gcomparáid le 2021 an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais. Is é is cúis leis an laghdú sin in 2022 an tacaíocht airgeadais tús-ualaithe ón tSaoráid Aisghabhála agus Athléimneachta in 2021. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta leis an seasamh fioscach ar bhealach neodrach in 2022[14]. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an bhFrainc infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta a chaomhnú, mar a mhol an Chomhairle. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2022 ranníocaíocht réidh dar méid 1,6 pointe céatadáin don staid fhioscach fhoriomlán. Áirítear leis an rannchuidiú suntasach leathnaithe sin tionchar breise na mbeart chun aghaidh a thabhairt ar thionchar eacnamaíoch agus sóisialta an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh (0,5 % de OTI) chomh maith leis na costais a bhaineann le cosaint shealadach a thabhairt do dhaoine easáitithe ón Úcráin (0,1 % de OTI).

**13** Freagraíonn comhartha diúltach den táscaire do bharrachas fáis ar chaiteachas príomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach forleathnaitheach.

**14** Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht mhéadaitheach de 0,2 pointe céatadáin de OTI.

Áirítear ar bhearta caiteachais reatha eile na cinn a cuireadh chun cinn sa phlean téarnaimh agus athléimneachta chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí eacnamaíocha na coinbhleachta san Úcráin, amhail fóirdheontais dhíreacha chuig earnálacha ad hoc (0,1 % den OTI), agus an méadú ar phá státseirbhíseach (0,1 % den OTI). Ó thaobh an ioncaim de, meastar freisin go gcuirfidh an laghdú ar an ráta cánach ioncaim chorparáidigh (0,1 % de OTI) agus an laghdú ar chánacha tithíochta (0,1 % de OTI) leis an seasamh fioscach méadaitheach. Meastar go mbeidh tionchar ag an méadú níos airde ar phraghsanna tomhaltóirí i gcomparáid leis an díbhoilsceoir OTI ar ranníocaíocht mhéadaitheach an chaiteachais phríomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta in 2022 trí thomhaltas poiblí agus sochair shóisialta a mhéadú. De réir réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún, ní dhéantar na bearta sin ná na cúiseana le caiteachas níos airde a mheaitseáil go hiomlán le bearta fritháirimh.

(19) In 2023, tuartar go mbeidh an staid fhioscach i réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún +0.9 % de OTI ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann[15]. Meastar go leanfaidh an Fhrainc de bheith ag úsáid na ndeontas ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2023 chun infheistíocht bhreise a mhaoiniú chun tacú leis an téarnamh. Meastar go dtiocfaidh laghdú 0,1 pointe céatadáin de OTI ar an ranníocaíocht dhearfach le gníomhaíocht eacnamaíoch de chaiteachas arna mhaoiniú ag deontais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus cistí eile de chuid an Aontais i gcomparáid le 2022, rud a léiríonn an tacaíocht airgeadais tús-ualaithe ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2021 agus in 2022. Tuartar go gcuirfidh infheistíocht atá maoinithe go náisiúnta leis an seasamh fioscach ar bhealach neodrach in 2023[16]. Ag an am céanna, meastar go soláthróidh an fás ar chaiteachas príomha reatha arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta nua ioncaim) in 2023 ranníocaíocht chrapthach dar méid 0.7 pointe céatadáin don staid fhioscach fhoriomlán. Áirítear leis sin an tionchar ó dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta lena dtugtar aghaidh ar phraghsanna méadaithe fuinnimh (0,7 % de OTI). Dá bhrí sin, braitheann ranníocaíocht chrapthach an chaiteachais reatha arna mhaoiniú go náisiúnta ar dheireadh a chur de réir a chéile leis na bearta chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an mhéadaithe ar phraghsanna fuinnimh mar atá beartaithe faoi láthair.

---

**15** Freagraíonn comhartha dearfach den táscaire d'easnamh i bhfás caiteachais phríomhúil i gcomparáid le fás eacnamaíoch meántéarmach, lena léirítear beartas fioscach crapthach.

**16** Réamh-mheastar go soláthróidh caiteachas caipitil eile arna mhaoiniú go náisiúnta ranníocaíocht chrapthach dar méid 0,1 pointe céatadáin de OTI.

(20) Tá córas reatha na bpinsean sa Fhrainc casta, ina bhfuil níos mó ná 40 scéim atá ann cheana. Baineann na scéimeanna seo le grúpaí éagsúla oibrithe agus feidhmeanna éagsúla de réir sraitheanna éagsúla rialacha. Bunaithe ar shonraí Eurostat, ba é caiteachas poiblí pinsin na Fraince, arb ionann é agus 14,6 % de OTI in 2019, an tríú ceann is airde san Aontas. Baineann an costas ard le cóimheas athsholáthair réasúnta ard (i.e. pinsean i gcomparáid le pá bliantúil deiridh), ionchas saoil, aois scoir sách éifeachtach (thart ar 62 bliain) agus líon ardaithe tairbhithe pinsin as an daonra iomlán. De réir thuarascáil 2021 an Choimisiúin maidir le hAosú agus na tuarascála bliantúla is déanaí ó Chomhairle Chomhairleach um Pinsin na Fraince (*Conseil d'orientation des retraites*) araon, meastar go dtiocfaidh méadú measartha ar chaiteachas pinsin idir 2025 agus 2030, arb ionann sin agus thart ar 0,2 pointe céatadáin de OTI, tar éis laghdú beag a bheith i ndán dó go dtí 2024. Cuireann an caiteachas poiblí iomlán, agus an caiteachas pinsin mar cheann de na príomhítimí, le carnadh an fhiachais phoiblí in ainneoin ualach trom cánach, rud a fhágann go bhfuil an Fhrainc ag tabhairt aghaidh ar rioscaí arda maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma. San fhadtéarma, thosódh caiteachas pinsean ag laghdú go seasta go dtí 2070, go príomha mar gheall ar innéacsú sochar pinsin le boilsciú, rud a fhritháiríonn tionchar an mhéadaithe ar chóimheas an spleáchais i ngeall ar aosú. Dá ndéanfaí an córas pinsean a shimpliú, trí na córais éagsúla a aontú, chuideofaí lena thrédhearcacht agus lena chothroime a fheabhsú, agus bheadh éifeachtaí dearfacha ag an simpliú sin ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus ar éifeachtúlacht an leithdháilte saothair, agus d'fhéadfadh sé bonn taca a chur faoin inbhuanaitheacht fhioscach. In 2018, chuir rialtas na Fraince tús le próiseas athchóirithe arb é is aidhm dó rialacha na gcóras pinsean iolrach a aontú. Cuireadh stop leis an athchóiriú nuair a bhris amach paindéim COVID-19. Agus cuspóirí phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince á gcur i láthair aige, dhearbhaigh an rialtas go bhfuil sé tiomanta d'athchóiriú uaillmhianach ar chóras na bpinsean a shaothrú, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar chothroime agus ar inbhuanaitheacht an chórais.

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sraith fhairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus a bhfuil amchlár táscach ag gabháil leo maidir lena gcur chun feidhme a bheidh le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026. Cuidítear, leis sin, le dul i ngleic leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta ar fad nó le fothacar suntasach de na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a leagtar amach sna moltaí tírshonracha a chuir an Chomhairle faoi bhráid na Fraince sa Seimeastar Eorpach in 2019 agus 2020, chomh maith le haon mholtaí tírshonracha a eisítear go dtí an dáta a ghlacfar plean téarnaimh agus athléimneachta. Tá cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince faoi lán seoil. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an gcéad iarraidh íocaíochta ón bhFrainc, agus tuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais á cur san áireamh aige, as ar tháinig eisíocaíocht EUR 7.4 billiún i dtacaíocht airgeadais (glan de réamh-mhaoiniú) an 4 Márta 2022. Cumhdaíonn garspriocanna agus spriocanna gaolmhara 38 athchóirithe i réimsí an airgeadais phoiblí, mhargadh an tsaothair, na sláinte agus an chúraim fhadtéarmaigh. Rinneadh infheistíocht in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh (tithíocht phoiblí, phríobháideach agus shóisialta), iompar inbhuanaithe (feithiclí glana a cheannach), an tionsclaíocht dhícharbónaithe, fostaíocht agus oideachas i measc na n-óg. Rinneadh roinnt straitéisí taighde i bpríomhtheicneolaíochtaí glasa agus digiteacha a bhailíochtú agus seolfar glaonna ar thionscadail in 2022 agus in 2023.

(22) Táthar ag súil go gcuideoidh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na haistrithe glasa agus digiteacha. Is ionann bearta lena dtacaítear le cuspóirí aeráide sa Fhrainc agus 46,0 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta (le hinfheistíocht mhór in athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh), agus is ionann bearta lena dtacaítear le cuspóirí digiteacha agus 21,3 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Cur chun feidhme iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir leis na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, sin rud a chuideoidh leis an bhFrainc téarnamh go tapa ó iarmhairtí ghéarchéim COVID-19 agus a hathléimneacht á neartú san am céanna. Tá rannpháirtíocht chórasach na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí ábhartha eile tábhachtach i gcónaí chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go rathúil, chomh maith le beartais eacnamaíocha agus fostaíochta eile a théann níos faide ná an plean téarnaimh agus athléimneachta, chun a áirithiú go mbeidh úinéireacht leathan ar an gclár oibre foriomlán beartais.

(23) An 2 Meitheamh 2022, d'fhormheas an Coimisiún Comhaontú Comhpháirtíochta na Fraince dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17]. Thíolaic an Fhrainc an chuid is mó de na cláir um beartas comhtháthaithe roimh an 17 Márta 2022. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1060, tá an Fhrainc chun na moltaí tírshonracha ábhartha a chur san áireamh i gclársceidealú chistí an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021–2027. Is réamhriachtanas é sin chun éifeachtacht na tacaíochta airgeadais atá le fáil ó chistí an bheartais chomhtháthaithe a fheabhsú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar bhreisluach na tacaíochta sin, agus comhordú, comhlántacht agus comhleanúnachas idir cistí an bheartais chomhtháthaithe sin agus ionstraimí agus cistí eile de chuid an Aontais á gcur chun cinn ag an am céanna. Tá cur chun feidhme rathúil na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus cláir beartais chomhtháthaithe ag brath freisin ar dheireadh a chur le bacainní ar infheistíocht chun tacú leis na haistrithe glasa agus digiteacha agus le forbairt chríochach chothrom.

---

17 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

(24) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá roinnt dúshlán breise roimh an bhFrainc maidir le ganntanas scileanna agus imscaradh fuinnimh in-athnuaite. Chuideodh feabhsú scileanna na n-oibrithe le táirgiúlacht saothair a mhéadú agus, dá bhrí sin, le hiomaíochas foriomlán gheilleagar na Fraince a fheabhsú.

(25) Tá méadú ag teacht ar ghanntanais saothair agus tuairiscíonn fostóirí gurb é easpa oibrithe oilte an bhacainn is mó ar earcaíocht i níos mó ná 50 % de na cásanna, go háirithe i gcás post a bhfuil scileanna teicniúla ag teastáil uathu, amhail na cinn a bhfuil gá leo do na haistrithe glasa agus digiteacha (tionscal, an tógáil). An infheistíocht atá á déanamh faoi láthair san uas-sciliú agus in athoiliúint na n-oibrithe, tógann sé am sula mbíonn an toradh le feiceáil agus d'fhéadfaí an bonn a bhaint d'éifeachtacht na hinfheistíochta sin de bharr an leibhéil íseal bunscileanna atá ag níos mó ná an cúigiú cuid de dhaltaí 15 bliana d'aois, ar béas leo tairbhe níos lú a bhaint as an oiliúint níos déanaí sa saol. Is ábhar imní ar leith iad feidhmíocht íseal sa mhatamaitic (is iad daltaí na Fraince a mbíonn an scór is ísle as measc na 22 Bhallstát atá rannpháirteach i dTreochtaí i dTorthaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht i nGrád 4 (TIMSS) 2019) agus san eolaíocht, i bhfianaise an easpa scileanna teicniúla. Ina theannta sin, léiríonn meastóireachtaí gur gnách gur lú an tairbhe a bhaineann daoine ar bheagán oiliúna as oiliúint a mbíonn cáilíocht mar thoradh uirthi.

(26) D'ainneoin na ndea-thorthaí ar an iomlán, bíonn tionchar ag neamhionannais arda socheacnamaíocha agus éagothromaíochtaí críochacha i gcóras oideachais na Fraince ar leibhéal na mbunscileanna. De réir an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA), tá an Fhrainc ar cheann de na Ballstáit ina mbíonn an tionchar is mó ag an gcúlra socheacnamaíoch ar fheidhmíocht na ndaltaí. Léiríonn na táscairí nach bhfuil scileanna léitheoireachta leordhóthanacha ag 35,3 % de dhaltaí 15 bliana d'aois atá faoi mhíbhuntáiste agus ag 44.5 % de dhaltaí imirceacha den chéad ghlúin, i gcomparáid le 20.9 % ar an meán. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin, in 2017, thug an Fhrainc athchóiriú píolótach isteach ina raibh 'méideanna ranganna an-anála' sna luathbhlianta oideachais do mhic léinn i réimsí tosaíochta, chun cur ar chumas daltaí tairbhe a bhaint as tacaíocht níos pearsanta in atmaisféar atá fabhrach don fhoghlaim. In 2021, leag Cúirt Iniúchóirí na Fraince béim ar easnaimh sa chóras scoile, go háirithe ag cur isteach ar thorthaí foghlama daltaí faoi mhíbhuntáiste, agus d'iarr sí go mbeadh níos mó neamhspleáchais agus meastóireachta ar scoileanna. D'fhéadfadh rátaí níos ísle rannpháirtíochta san oiliúint leanúnach ó mhúinteoirí agus cóimheas ard idir mac léinn agus múinteoir cur le míchothromaíochtaí socheacnamaíocha. Is gnách go mbíonn leibhéil níos ísle deimhnithe ag múinteoirí eolaíochta atá ag obair i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste ná mar a bhíonn acu i mBallstáit eile. Leis na hathchóirithe a rinneadh in 2018 ar na córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, lena n-áirítear printíseachtaí, mar aon le dreasachtaí suntasacha d'fhostóirí, cuireadh dlús le líon na bprintíseach, agus bhí tionchar dearfach aige sin ar rátaí fostaíochta do chéimithe.

(27) Mar fhreagairt ar an sainordú ó Cheannairí Stáit nó Rialtais an Aontais a leagtar amach i nDearbhú Versailles, tá sé mar aidhm ag an togra ón gCoimisiún le haghaidh plean REPowerEU deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairiú breosla iontaise ón Rúis a luaithe is féidir. Chun na críche sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na tionscadail, na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe is oiriúnaí ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais a shainaithint i gcomhphlé leis na Ballstáit. Is é is aidhm do na bearta sin an spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus allmhairí breosla iontaise a aistriú ón Rúis.

(28) De réir na sonraí ó 2020[18], tá spleáchas na Fraince ar ola, ar ghás agus ar ghual ón Rúis cothrom le 9 %, 17 % agus 34 % faoi seach, faoi bhun mheán AE-27. Is teoranta an nochtadh do bhreoslaí iontaise Rúiseacha atá ag an bhFrainc ná mar a bhíonn ar an meán san Aontas toisc go mbraitheann meascán fuinnimh na Fraince go príomha ar fhuinneamh núicléach (40,6 % dá holltomhaltas fuinnimh intíre). Tá meáchan na mbreoslaí iontaise sa mheascán fuinnimh níos ísle ná meán AE-27: is ionann ola, gás, breoslaí iontaise soladacha (gual san áireamh) agus 28,6 %, 15,4 % agus 2,3 % den olltomhaltas fuinnimh intíre faoi seach sa Fhrainc. Ina theannta sin, tá 4 teirminéal GNL ag an bhFrainc, rud a cheadaíonn foinse níos éagsúlaithe d'allmhairí gáis. Mar sin féin, is práinní anois don Fhrainc dlús a chur lena hiarrachtaí na spriocanna maidir le fuinneamh inathnuaite a leagtar síos ina plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach de bharr na staide geopholaitiúla atá ann faoi láthair agus na bpraghsanna arda fuinnimh. B'ionann fuinneamh inathnuaite agus 19,1 % d'olltomhaltas deiridh fuinnimh na Fraince in 2020, faoi bhun na sprice de 23 % a leagadh síos ina plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide . Beidh gá le méadú breise ar an uaillmhian maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun foinsí inathnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun go mbeidh an Fhrainc ag teacht leis na cuspóirí 'Oiriúnach do 55'. Is féidir cur le próisis thionsclaíocha agus téamh foirgneamh a dhícharbónú go tapa trí thacaíocht phoiblí mhéadaithe a thabhairt do theicneolaíochtaí amhail teaschaidéil ar mhionscála agus ar mhórscála agus fuinneamh geoiteirmeach, lena n-áirítear tacaíocht do líonraí le haghaidh téamh ceantair, chomh maith le díleá anaeróbach inbhuanaithe (*'méthanú'*) agus teicneolaíochtaí eile a bhaineann le táirgeadh inbhuanaithe bithghás inbhuanaithe amhail bithmheatán a imscaradh ar bhealach níos tapúla. Chuideodh infheistíocht den sórt sin freisin leis an spleáchas ar allmhairí gáis nádúrtha ón Rúis a laghdú. Dá gcuirfí deireadh de réir a chéile leis na fóirdheontais do bhreoslaí iontaise atá fós ann, d'fheabhsófaí iomaíochas an fhuinnimh in-athnuaite i gcomparáid le roghanna malartacha ar bhreoslaí iontaise. Má dhéantar infheistíocht san fhuinneamh in-athnuaite, rud atá scálaithe agus díláraithe araon, is féidir an teacht aniar agus an t-iomaíochas maicreacnamaíoch a neartú freisin tríd an tslándáil fuinnimh agus an nuálaíocht san earnáil fuinnimh a mhéadú.

---

**18** Eurostat (2020), sciar allmhairí na Rúise os cionn allmhairí iomlána gáis nádúrtha, amhola agus guail chrua. Do mheán AE-27, tá iomlán na n-allmhairí bunaithe ar allmhairí lasmuigh de AE-27. I gcás na Fraince, áirítear trádáil laistigh den AE ar iomlán na n-allmhairí. Ní fholaíonn amhola táirgí ola scagtha.

(29) Tá rialáil shriantach agus bacainní móra riaracháin ag baint le tionscadail fuinnimh in-athnuaite ar scála fóntais a imlonnú sa Fhrainc, go háirithe feirmeacha gaoithe ar an gcósta agus amach ón gcósta agus grianthionscadail fhótavoltacha. Mar thoradh ar an tearcinfheistíocht san eangach leictreachais ar an leibhéal náisiúnta, tá ganntanas pointí rochtana, méadú ar chostais nasc leis an eangach agus moill ar nasc leis an eangach, rud a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh le roinnt míonna faoi láthair. Ní cheadaítear feirmeacha gaoithe ar an gcósta a thógáil laistigh de 5-30 km de radair mheitéareolaíocha, mhíleata agus eitlíochta sibhialta, rud a fhágann go bhfuiltear ag streachailt suíomhanna oiriúnacha a fháil do thart ar 45 % de na tionscadail nua. Ba cheart nósanna imeachta a fheabhsú chun bacainní míleata a bhaineann le sábháilteacht a sheachaint ag céim an-déanach d'fhorbairt tionscadail. Ciallaíonn próiseas formheasa a bhaineann le riaracháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla nach mór iarrataí rialta ar dhoiciméid pleanála uirbí a thabhairt cothrom le dáta a bheith léirithe i ndoiciméid ar leibhéal níos ísle chomh maith le hualaí riaracháin breise a chruthú. D'fhéadfaí dlús a chur leis an bpróiseas ceada trí níos mó acmhainní daonna agus airgeadais a leithdháileadh air i riaracháin lárnacha ar leibhéil réigiúnacha (i.e. le haghaidh seirbhísí díláraithe Stáit) chomh maith le húdaráis inniúla agus oibreoirí eangaí, trí rannpháirtíocht níos dlúithe ag riaracháin réigiúnacha agus áitiúla i bpleanáil spásúlachta, agus trí chur i bhfeidhm nósanna imeachta tairisceana níos tapa. Dá neartófaí sásraí do rannpháirtíocht an phobail agus don dílárú, laghdófaí gearáin ó thríú páirtithe, rud a bheadh ina chúis le moilleanna móra ar thionscadail nua a choimisiúnú. Chuirfeadh creat rialála cobhsaí ar an leibhéal náisiúnta níos mó cinnteachta d'infheisteoirí ar fáil, go háirithe do phleanáil fhadtéarmach.

(30) Ach borradh a chur faoin éifeachtúlacht fuinnimh agus ídiú fuinnimh a laghdú, cuideofar le hastaíochtaí agus leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Sa Fhrainc, is ionann an tógáil agus úsáid foirgneamh agus 25 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fad. Leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tugtar gné iomlán d'athchóiriú fuinnimh d'fhoirgnimh, lena gcabhraítear le dul i ngleic le dúshláin ghaolmhara le cur chuige leathan. Leis na bearta, cumhdaítear gach cineál foirgneamh, agus tús áite á thabhairt d'fhoirgnimh phoiblí, ach tá gníomhaíocht shuntasach ann freisin chun an stoc foirgneamh príobháideach agus an tithíocht shóisialta a athchóiriú, agus chun éifeachtúlacht fuinnimh na ngnólachtaí beaga a mhéadú. I gcomhthéacs a phlean náisiúnta téarnaimh athléimneachta, tá an Fhrainc ag cur leis na sásraí tacaíochta don téamh inathnuaite i bhfoirgnimh, e.g. trí mhéadú EUR 150 milliún a dhéanamh ar an 'ciste teasa' agus méadú EUR 1000 a dhéanamh ar an bhfóirdheontas chun téamh atá bunaithe ar fhoinsí inathnuaite a shuiteáil. I straitéis náisiúnta ísealcharbóin na Fraince (*Stratégie Nationale Bas Carbone*) sainítear conair uaillmhianach chun astaíochtaí ó fhoirgnimh a laghdú agus chun dícharbónú iomlán an fhuinnimh a ídítear i bhfoirgnimh a bhaint amach faoi 2050. Leis an scéim reatha dar teideal *'Ma Prime Renov'*, atá dírithe ar theaghlaigh, tugtar fóirdheontais do ghníomhaíochtaí athchóirithe aonair go príomha. Chun gnóthachain éifeachtúlachta fuinnimh níos suntasaí a spreagadh, d'fhéadfaí feabhas a chur ar an gcreat beartais chun athchóiriú domhain a spreagadh agus chun cabhrú leis an bhFrainc éifeachtúlacht fuinnimh a stoc foirgneamh a mhéadú tuilleadh. Is é is aidhm don dlí maidir leis an aeráid agus athléimneacht, a glacadh i mí Lúnasa 2021, ídiú fuinnimh a laghdú ar go leor bealaí, e.g. trí bhónais a chur ar fáil do rothair leictreacha agus trí chriosanna astaíochtaí ísle a chruthú i limistéir uirbeacha.

(31) Tá tacaíocht bhreise d'idirnascairí leictreachais trasteorann (faoi fhorbairt nó pleanáilte) ríthábhachtach i gcónaí chun sciartha móra d'fhoinsí in-athnuaite a chomhtháthú. Má dhéantar infheistíocht i mbonneagar fuinnimh a thúsualú, ar bhonn intíre agus trasteorann araon, laghdófar an spleáchas ar bhreosla iontaise agus go háirithe ar ghás na Rúise. Moltar infheistíochtaí nua bonneagair agus líonraí a bheith slán i gcás inar féidir, chun a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach a éascú trí bhreoslaí inbhuanaithe a chur in ionad breoslaí inbhuanaithe amach anseo. Tá idirnaisc ríthábhachtach chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach fuinnimh go héifeachtúil trí acmhainní a chomhthiomsú chun cinnteacht fhoriomlán an tsoláthair a bhaint amach.

(32) Cé go mbeidh costais shuntasacha athstruchtúraithe i roinnt earnálacha mar thoradh ar an dlús atá curtha leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta agus leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise, is féidir leis an bhFrainc úsáid a bhaint as an Sásra um Aistriú Cóir i gcomhthéacs an bheartais chomhtháthaithe chun tionchar socheacnamaíoch an aistrithe ar na réigiúin is mó atá buailte a mhaolú. Ina theannta sin, is féidir leis an bhFrainc leas a bhaint as Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], chun deiseanna fostaíochta a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a neartú.

(33) Scrúdaigh an Chomhairle beartais fhioscacha na Fraince, agus réamhaisnéis an earraigh 2022 ón gCoimisiún á gcur san áireamh, agus léirítear a mheasúnú i moladh (1) go háirithe.

(34) I bhfianaise na dlúthnaisc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoiteann le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta, mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, lena n-áirítear trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, chun na moltaí atá leagtha amach i moladh 2022 maidir leis an limistéir euro a chur chun feidhme. Maidir leis an bhFrainc, léirítear é sin sna ceithre mholadh uile.

---

**19** Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21).

(35) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiún agus an mheasúnaithe uaidh, scrúdaigh an Chomhairle Clár Náisiúnta 2022 um Athchóiriú. Léirítear a moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1), (2) agus (3). Cuidíonn moltaí (1), (2) agus (3) freisin le cur chun feidhme Mholadh 2022 maidir leis an limistéar euro, go háirithe an chéad, an dara agus an ceathrú moladh maidir leis an limistéar euro. Cuidíonn beartais fhioscacha dá dtagraítear i moladh (1), *inter alia*, le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí atá nasctha le fiachas ard rialtais. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (2) *inter alia* le féichiúnas an rialtais a laghdú agus le hiomaíochas a fheabhsú, ós rud é go dtacóidh cur chun feidhme iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leis an bhfás agus go neartófar athléimneacht an gheilleagair ag an am céanna. Cuidíonn na beartais dá dtagraítear i moladh (3) le haghaidh a thabhairt, *inter alia*, ar na míchothromaíochtaí a bhaineann leis an iomaíochas,

AG MOLADH LEIS SEO go nglacfadh an Fhrainc gníomhaíocht in 2022 agus 2023 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. In 2023, beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar phríomhchaiteachas reatha arna mhaoiniú go náisiúnta faoi bhun fhás an aschuir a d'fhéadfadh a bheith ann sa mheántéarma, agus tacaíocht shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh do na teaghlaigh agus gnólachtaí is leochailí ó thaobh praghsanna fuinnimh de agus do dhaoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag teacht chun cinn. Infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha agus le haghaidh na slándála fuinnimh, lena gcuirtear san áireamh an tionscadal REPowerEU, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. Don tréimhse tar éis 2023, saothrófar beartas fioscach atá dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus laghdú inchreidte, céimnitheach a áirithiú ar fhiachas agus ar inbhuanaitheacht fhioscach sa mheántéarma trí chomhdhlúthú, trí infheistíocht agus trí athchóirithe de réir a chéile. Athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras pinsean chun rialacha na gcóras pinsin éagsúil a aontú de réir a chéile chun a chothroime a fheabhsú agus, ag an am céanna, bonn taca a chur faoina inbhuanaitheacht.

2. Dul ar aghaidh le cur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na clocha míle agus na spriocanna a chuimsítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021. An chaibidlíocht leis an gCoimisiún maidir le doiciméid chlársceidealaithe an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021–2027 a thabhairt chun críche go tapa d'fhonn tús a chur lena gcur chun feidhme.

3. Aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna trí sciar na ndaoine a bhfuil bunscileanna acu a mhéadú, trí roghanna foghlama breise atá bunaithe ar an obair a sholáthar agus trí thorthaí foghlama na mac léinn uile a fheabhsú, go háirithe trí acmhainní agus modhanna a chur in oiriúint do riachtanais na mac léinn agus na scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste agus trí dhálaí oibre agus oiliúint leanúnach na múinteoirí a fheabhsú.

4. Spleáchas foriomlán ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Dlús a chur le húsáid fuinnimh in-athnuaite ar scála na bhfóntas agus an fhuinnimh in-athnuaite a dhílárú trí infheistíocht phoiblí a mhéadú agus trí infheistíocht phríobháideach a éascú, lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadaithe a chuíchóiriú tuilleadh agus a áirithiú go mbeidh dóthain foirne ag na riaracháin údaraithe. Feabhas a chur ar an gcreat beartais chun athchóiriú domhain foirgneamh a dhreasú. Acmhainneacht na n-idirnasc fuinnimh a leathnú.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*